Tuairim Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha a chosaint le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1001 agus 2019/1753 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh (AE) 2019/1754 ón gComhairle

[COM(2022) 174 final — 2022/0115 (COD)]

(2022/C 486/17)

Rapóirtéir: **Paulo BARROS VALE**

Comhairliúchán	Comhairle an Aontais Eorpaigh, 11.5.2022
Bunús dlí	Airteagal 118(1) agus Airteagal 207(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh
Rannóg atá freagrach	An Margadh Aonair, Táirgeacht agus Tomhaltas
Dáta a glactha sa rannóg	8.9.2022
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	21.9.2022
Seisiún iomlánach Uimh.	572
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	227/2/2

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Is díol sásaimh do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) an tionscnamh ón gCoimisiún a bhfuil sé mar aidhm aige a áirithiú go gcosnófar tásca geografacha le haghaidh táirgí tionsclaíocha agus ceardaíochta ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, agus go líonfar, ar an gcaoi sin, an bhearna atá ann faoi láthair sa reachtaíocht maidir leis na cineálacha táirgí sin. Is gá an fhéiniúlacht réigiúnach agus an fios feasa traidisiúnta a chaomhnú; chomh fada leis sin de, is ionstraim thábhachtach í an reachtaíocht sa réimse seo chun na réigiúin a fhorbairt ós rud é go gcosnaítear na táirgeoirí agus na tomhaltóirí araon faoi scáth na cosanta a chuireann na tásca geografacha ar fáil.

1.2. Creideann CESE go gcuireann an chosaint a thugtar leis na tásca geografacha borradh faoi fhorbairt na réigiún, go háirithe fúthu siúd nach bhfuil chomh forbartha céanna, ar an ábhar go bhfeidhmíonn siad mar a bheadh dreasú ann do na táirgeoirí trína áirithiú go dtugtar aitheantas dá dtáirgí agus go gcosnaítear iad ar aon aithris a dhéanfaí orthu; go mealltar daoine go dtí a gcríoch féin dá réir agus go gcoimeádtar ann iad, trí phoist ardcháilíochta lena ngabhann pá níos fearr a chur ar fáil dóibh, agus gur spreagadh iad na tásca geografacha don turasóireacht inbhuanaithe, go háirithe do shainghníomhaíochtaí turasóireachta atá bunaithe ar cháil an réigiúin i gceist.

1.3. Tá togra á thíolacadh ag an gCoimisiún le haghaidh rialachán maidir le tásca geografacha a chosaint le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha. Is éideimhin le CESE gur fearr an rogha atá déanta ag an gCoimisiún in ionad an creat atá ann faoi láthair, creat atá infheidhme maidir le táirgí talmhaíochta agus bia-ábhair, fíonta agus biotáillí, a leathnú chun táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha a chuimsiú ann. Ach an dara rogha sin a thógáil níor ghá cur lena bhfuil de reachtaíocht, nósanna imeachta agus údaráis ann, toisc go mbunófaí córas aonair cosanta trí bhíthin na dtásc geografach, a mbeadh feidhm aige maidir le gach cineál táirge.

1.4. Is ríthábhachtach le CESE go mbeadh an tsiombail a úsáidfear chun tásc geografach a léiriú tarraingteach agus oiriúnach do na bealaí nua cumarsáide go léir, lena gcumhdófaí an réimse ina iomláine ón lipéadú traidisiúnta go dtí an chumarsáid dhigiteach is ardfhorbartha. Ba cheart go mbraithfeadh tomhaltóirí gur ag plé le táirge ardcháilíochta lániontaofa atá siad agus gur áis d'obair chumarsáide an táirgeora é. Measann CESE go bhféadfaí meabhair a chaitheamh le siombail reatha an táisc gheografaigh faoi chosaint atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2013 [1] a thabhairt cothrom le dáta agus go bhféadfaí lámhleabhar trádmharcanna a tharraingt suas ina comhair.

[1] IO L 179, 19.6.2014, lch. 17.

1.5. Tá CESE den tuairim go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach, i réimse na cosanta a thugtar le tásca geografacha, go mbeadh an próiseas aistrithe ón leibhéal náisiúnta go leibhéal an Aontais Eorpaigh simplí agus tapa. Is den tábhacht gan leanúint d'úsáid an dá chóras bonn ar bhonn rófhada eile toisc go mb'ábhar mearbhaill é sin do thomhaltóirí agus do tháirgeoirí araon. Ar a mhuin sin, ba cheart go bhféadfadh na Ballstáit sin a bhaineann leas cheana as cosaint gheografach faoi Chomhaontú Liospóin siombail an Aontais Eorpaigh a chur ar taispeáint gan mhoill ar na táirgí lena mbaineann, rud a chuirfidh leis an íomhá ardcháilíochta atá á comharthú acu.

1.6. Molann CESE don Choimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar aon díospóidí a d'fhéadfadh teacht chun cinn sna próisis deimhniúcháin, go háirithe le tíortha nach bhfuil san Aontas Eorpach, agus a chumhacht idirbheartaíochta a fheidhmiú. Siúd is nach bhfuil aon amhras faoi gur ag Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) ba cheart an chumhacht a bheith i gcónaí chun cinneadh a dhéanamh maidir le deimhniú a dheonú, ós aici atá an inniúlacht aitheanta i réimse na maoine tionsclaíche, is gá don Choimisiún, ar a shon sin, bealach cumarsáide a bhunú leis an Oifig sin chun anailís a dhéanamh ar chásanna a bhfuiltear in amhras orthu agus ar dóigh dóibh díospóidí a thionscnamh. Is féidir le réigiúin trasteorann (cibé acu taobh istigh den Aontas Eorpach nó teorantach le tríú tíortha atá siad) a bheith dúshlánach ina slí féin nuair a bhítear ag cothú an chomhdhearcaidh is gá chun táirgeoirí agus tomhaltóirí araon a chosaint.

2. **Barúlacha ginearálta**

2.1. Is éard is aidhm don togra ón gCoimisiún a áirithiú go gcosnófar táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha leis na tásca geografacha ([2]) ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Ní thagann na táirgí sin faoi raon feidhme an tsásra cosanta atá ann faoi láthair do na tásca geografacha, toisc nach gcumhdaítear leis ach amháin táirgí talmhaíochta agus earraí bia, fíonta agus biotáillí. Is iomaí táirge ceardaíochta agus tionsclaíoch san Aontas Eorpach a bhfuil saintréithe uathúla aige a bhaineann lena réigiún tionscnaimh, a ndéantar aithris air agus a bhíonn á ghóchumadh ar bhonn leanúnach, rud a fhágann gur den phráinn táirgí den chineál sin a chosaint.

2.2. In éagmais sásra cosanta ar leibhéal an Aontais agus i ngeall ar an éiginnteacht dhlíthiúil a eascraíonn as dlíthe éagsúla a bheith ann nó as ar leibhéal na mBallstát, is deacair táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha a bhfuil saintréithe uathúla acu atá nasctha lena réigiún tionscnaimh a chosaint. D'fhéadfadh sé go rachadh cuid de na táirgí sin ar ceal de thoradh na n-easnamh sin, faoi mar a rachadh na hinniúlachtaí a ghabhann leo. Ba cheart táirgí ag a bhfuil féiniúlacht réigiúnach agus saintréithe uathúla agus ar dlúthchuid de thraidisiúin agus d'fhéiniúlacht na réigiún iad a chaomhnú agus a úsáid chun forbairt na limistéar sin a spreagadh, chun a áirithiú go gcuirfear a bhfios feasa bunúsach ar aghaidh agus chun áitritheoirí a mhealladh agus a choimeád ann.

2.3. I mí na Samhna 2019, d'aontaigh an tAontas Eorpach d'Acht na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le Sonrúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha ([3]). Is gá anois creat reachtach a bhunú a chuirfidh ar chumas an Aontais liosta dá thásca geografacha a chur isteach d'fhonn iad a chur faoi chosaint an chórais, ionas go mbeidh táirgeoirí Eorpacha in ann tairbhe a bhaint as an sásra cosanta sin.

2.4. Mar atá tugtha faoi deara aige cheana ([4]), creideann CESE gur uirlis luachmhar do tháirgeoirí Eorpacha cosaint na dtásc geografach agus tá sé i bhfách le córas comhchuibhithe a chruthú chun na tásca sin a chosaint i gcás táirgí neamhthalmhaíochta. Measann sé go gcabhróidh an córas seo leis na táirgeoirí sin a dtáirgí ardcháilíochta a chur i láthair ar bhealach níos éifeachtaí i margadh domhandaithe, léirscaoilte agus iomaíoch, agus go mbeidh éifeachtaí dearfacha aige i gcoitinne agus ar na réigiúin lagfhorbartha go mór mór.

2.5. Chosain CESE an seasamh sin cheana in 2015 i dtuairim dá chuid maidir le tásca geografacha AE le haghaidh táirgí neamhthalmhaíochta ([5]). Chomh maith le cás a dhéanamh ar son na cosanta a thugtar le tásca geografacha a leathnú go táirgí neamhthalmhaíochta trí bhíthin reachtaíocht ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, molann CESE gur cheart an córas nua a mhúnlú, a mhéid is féidir, ar an gcreat atá ann cheana lena gcumhdaítear táirgí talmhaíochta agus bia-ábhair, fíonta agus biotáillí.

([2]) Is éard is "tásc geografach" ann aon tásc a bhaineann le táirge de thionscnamh limistéir gheografaigh ar leith agus a bhfuil cáilíocht, clú nó saintréith eile aige atá nasctha go dlúth lena thionscnamh geografach.

([3]) Le hAcht na Ginéive de Chomhaontú Liospóin, arna riar ag an Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI), tugtar deis dá pháirtithe conarthacha cosaint a thabhairt dá dtásca geografacha, ar cosaint í a chuirtear ar fáil laistigh d'achar gairid, atá ar ardchaighdeán agus a bheidh bailí ar feadh tréimhse éiginnte. Le hAcht na Ginéive, tugtar Comhaontú Liospóin cothrom le dáta agus leathnaítear a raon feidhme chun na tásca geografacha go léir a chuimsiú ann.

([4]) IO C 286, 16.7.2021, lch. 59.

([5]) IO C 251, 31.7.2015, lch. 39.

2.6. Maidir le táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha a chosaint trí bhíthin tásca geografacha, measann CESE gur cur chuige é sin a bhféadfadh roinnt éifeachtaí dearfacha a bheith aige mar leanas: cuirfear le cáilíocht na táirgeachta, rud is gá chun na critéir lena gcinntear an chosaint a chuirtear ar fáil leis na tásca sin a chomhlíonadh agus rud a chothóidh muinín dá réir i measc tomhaltóirí; cruthófar an deis daoine a mhealladh agus a choinneáil sa réigiún lena mbaineann trí phoist do dhaoine oilte lena ngabhann pá níos fearr a chruthú agus tríd an mbród agus an dea-theist a chothaítear nuair a mhothaíonn daoine go mbaineann siad le limistéar geografach a bhfuil saintréithe eisceachtúla aige; déanfar an turasóireacht inbhuanaithe a fhorbairt; agus méadófar an chosaint in aghaidh an dochair a dhéantar mar thoradh ar aithris agus ar ghóchumadh.

3. **Barúlacha sonracha**

3.1. Tá an togra ón gCoimisiún bunaithe ar fhorálacha an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a bhaineann le maoin intleachtúil agus leis an gcomhbheartas tráchtála ([6]). Is éard is cuspóir dó comhchóras cosanta a bhunú do tháirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha (dlí Eorpach aonchineálach maidir le maoin intleachtúil) agus sásraí láraithe a bhunú le haghaidh údarú, comhordú agus rialú, i gcomhréir le córas Liospóin, lena gcuirtear chun feidhme an comhaontú a tugadh i gcrích le síniú Acht na Ginéive. Is é an Rialachán uathrialaitheach an ionstraim atá roghnaithe chun na críche sin, agus é i gcomhréir leis an rialachán atá ann cheana do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-ábhair, d'fhíonta agus do bhiotáille. Chuathas i gcomhairle leis na geallsealbhóirí a bhí i bhfách den chuid ba mhó le córas sonrach de thásca geografacha a chruthú.

3.2. Chomh maith leis an gcreat rialála atá ann faoi láthair a choinneáil, ar creat é atá ilroinnte agus lena soláthraítear ráta suarach cosanta ar an leibhéal idirnáisiúnta, scrúdaíodh trí rogha beartais sa mheasúnú tionchair a rinneadh ar an togra: rogha beartais 1 — scéim chosanta na dtásc geografach le haghaidh táirgí talmhaíochta a leathnú d'fhonn tásca geografacha le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha a chuimsiú inti; rogha beartais 2 — rialachán uathrialach AE lena mbunaítear cosaint shonrach do thásca geografacha; rogha beartais 3 — athchóiriú ar an gcóras trádmharcanna.

3.3. Beartaíodh ar rogha 2 i bhfoirm togra le haghaidh Rialachán maidir le tásca geografacha a chosaint le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha. Tá CESE in amhras air gurb é sin an rogha is fearr. Ráite gurb é is aidhm don togra an córas céanna a ghlacadh is atá ann le haghaidh táirgí talmhaíochta agus bia-earraí, fíonta agus biotáillí, b'fhéidir gurbh é an cur chuige ba shimplí an creat atá ann faoi láthair a leathnú d'fhonn táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha a chuimsiú ann, mar atá dul ar iontaoibh rogha 1. Mar chuid den phróiseas athbhreithnithe leanúnach san earnáil agraibhia chuimseofaí an catagóir nua táirgí seo sa chóras agus chomhchuibheofaí na nósanna imeachta faoina ndéantar na tásca geografacha a aithint gan cur lena bhfuil de reachtaíocht, nósanna imeachta agus údaráis fhreagracha ann cheana.

3.4. Chomh fada leis an nasc críochach de, tacaíonn CESE leis an rogha atá déanta i bhfabhar tásca geografacha faoi chosaint seachas sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint. Ní mheasann sé gur den riachtanas, i gcás táirgí den sórt sin, an chosaint atá beartaithe a thabhairt dóibh siúd ar choinníoll gur sa limistéar geografach sainithe a dhéantar iad a tháirgeadh, a phróiseáil agus a ullmhú, agus ar an gcoinníoll sin amháin. Is féidir le táirge ceardaíochta nó tionsclaíoch a fhéiniúlacht a chaomhnú go feillbhinn, áfach, fiú más i réigiún eile a chuirtear ceann de na céimeanna sin i gcrích ós rud é gur ar a stair nó a modh táirgthe a sheasann an fhéiniúlacht sin.

3.5. Creideann CESE gurb é an rogha is iomchuí córas dhá chéim a sholáthar, ar an leibhéal náisiúnta i dtosach báire agus ina dhiaidh sin ar leibhéal an Aontais. Is iad na Ballstáit féin is fearr a thuigeann saintréithe a gcríche agus na dtáirgí a fhéadfaidh tairbhiú den chóras cosanta arna chur ar fáil ag na tásca geografacha; rud eile, ní ann d'aon deacrachtaí teanga sa chás sin. Is ar éigean is gá a rá gur cheart don chóras náisiúnta sin a bheith solúbtha, gur cheart costas íseal a bheith ag roinnt leis agus gur cheart cothrom iomaíochta a bheith ann do na táirgeoirí go léir beag beann ar a n-áit tionscnaimh.

3.6. Tá CESE i bhfách leis gur roghnaíodh EUIPO ([7]) le bheith freagrach as céim an chlárúcháin ar leibhéal an Aontais. Tá an oifig sin ar cheann de na hinstitiúidí is mó taithí ar réimse na maoine tionsclaíche, agus is oifig í a bhfuil a cumas agus a hinniúlacht léirithe aici i dtaca le feidhmiú a freagrachtaí agus a bhfuil na huirlisí is gá aici chun na clárúcháin sin a phróiseáil. Is mó fós an tábhacht atá leis an rogha sin mar go mbeifear in ann a fhíorú, dá bhrí sin, an ann d'aon mhíréir idir clárú na dtásc geografach agus clárú na dtrádmharcanna agus na bpaitinní.

([6]) Airteagal 188 agus Airteagal 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.
([7]) Is éard is EUIPO ann Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh.

3.7. Tá CESE i bhfabhar cead a thabhairt do ghrúpa táirgeoirí iarratais ar thásca geografacha i leith a sonraíochtaí féin a chlárú, a chealú nó a leasú, a chur faoi bhráid EUIPO go díreach nuair is amhlaidh a thagann siad ó Bhallstát a d'iarr go ndíolmhófaí iad ón oibleagáid údarás inniúil a ainmniú chun bainistiú a dhéanamh ar chéim náisiúnta an chlárúcháin agus ar nósanna imeachta eile a bhaineann leis an gcatagóir táirgí sin. Go deimhin, fiú mura n-aithníonn an tír thionscnaimh gur gá infheistíocht a dhéanamh sa chóras cosanta arna chur ar fáil ag tásca geografacha, níor cheart táirgeoir ar bith a fhágáil as an scéim i gcás ina mbeidh sé i dteideal leas a bhaint as.

3.8. Is díol sásaimh do CESE gur féidir féindearbhú a dhéanamh chun comhlíonadh sonraíochtaí táisc gheografaigh a fhíorú. Sna cásanna sin, foráiltear go bhféadfaidh na Ballstáit seiceálacha a dhéanamh go fánach. Is mian le CESE a chur in iúl go bhféadfadh sé, i gcásanna ina gcumhdaíonn tásc geografach níos mó ná Ballstát amháin nó, go háirithe, ina gcumhdaíonn sé tír nach cuid den Aontas Eorpach í, go mba dheacair seiceálacha den sórt sin a dhéanamh agus go bhféadfadh coinbhleachtaí ó thaobh dlínse de teacht chun cinn fiú.

3.9. Tá CESE den tuairim gur maith an rud é go gcosnófar táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha a bhuí le teideal Eorpach, teideal a ghlacfaidh ionad na gcóras náisiúnta atá ann cheana. Leis an rogha seo, déantar deimhin de nach mbeidh dhá chóras (córas Eorpach agus córas náisiúnta) in úsáid bonn ar bhonn agus gur cur chuige aonfhoirmeach a bheidh i bhfeidhm. Tá an rogha sin thar a bheith tábhachtach má táthar chun an nós imeachta cosanta a éascú sna réigiúin trasteorann trí nósanna imeachta a chaighdeánú.

3.10. Cuireann CESE chun suntais a thábhachtaí atá sé sainmhíniú a thabhairt ar an rud is táirge ceardaíochta agus tionsclaíoch ann, mar a luaitear in Airteagal 3 den togra le haghaidh rialacháin. Ba cheart glacadh forleathan a bheith ag geallsealbhóirí leis an sainmhíniú, ionas nach mbeidh aon amhras ann cé na táirgí is féidir a chur faoi chosaint tásc geografach.

3.11. Tacaíonn CESE leis an smaoineamh gur cheart go gcuirfí gné na nuálaíochta san áireamh sa tsonraíocht táirge, ós rud é gur cuidiú í uaireanta chun an oidhreacht chultúrtha a chosaint agus a fhorbairt. I gcás ina ndéanfar athrú ar mhodh táirgthe a eascraíonn as teicneolaíocht nó próiseas nuálach, ach nach gcaitheann amhras ar cháilíocht an táirge lena mbaineann, ar a bharántúlacht, ar a cháil ná ar a shaintréithe, toisc go bhféadfadh baint a bheith acu le tionscnamh geografach an táirge, níor cheart go scoirfi de bheith ag cosaint an táirge sin ná go gcaithfí nós imeachta um iarratas nua ar chosaint a thionscnamh dá thairbhe.

3.12. Is ábhar imní do CESE go bhféadfadh coinbhleachtaí tarlú idir na Ballstáit agus, go háirithe, idir na Ballstáit agus tíortha nach cuid den Aontas Eorpach iad, maidir le rogha nó úsáid ainm réigiúin agus seiceálacha iardheimhniúcháin. I gcás tásca geografacha trasteorann, tá an baol ann nach bhféadfar teacht ar chomhthoil faoin téarmaíocht atá le húsáid agus go bhfágfar táirgeoirí áirithe gan rochtain acu ar an gcosaint sin. Ba cheart an chumhacht pholaitiúil a bheith ag an gCoimisiún chun comhaontuithe a chaibidliú nuair a thagann cásanna den sórt sin chun cinn. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an gcumhacht sin i réimse an rialaithe iardheimhniúcháin, ionas gur féidir critéir um measúnú comhréireachta a shainiú is infheidhme go cothrom ar dhá thaobh na teorann.

An Bhruiséil, an 21 Meán Fómhair 2022.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Christa SCHWENG